







# Painéal Saoránach Eorpach maidir le buiséad Eorpach nua atá oiriúnach dár n-uaillmhianta

Achoimre ar Sheisiún 1

[28-30 Márta 2025]

# I mbeagán focal...

## Bhí gealladh faoin gcéad seisiún

Cé na tosaíochtaí agus na gníomhaíochtaí a mhaoiníonn an tAontas a chuireann an breisluach is mó ar fáil do mhuintir na hEorpa? Cé na tosaíochtaí ar cheart buiséad an Aontais a chaitheamh orthu amach anseo? Cé na cineálacha gníomhaíochta ar cheart tacú leo le buiséad an Aontais chun na tosaíochtaí sin a bhaint amach? Thar thrí dheireadh seachtaine, féachfaidh 150 saoránach den Aontas, a bhfuil éagsúlacht an Aontais le sonrú orthu, a roghnaíodh go randamach agus a dtabharfaidh an Coimisiún Eorpach le chéile iad, féachfaidh siad leis na ceisteanna seo a fhreagairt. Ar deireadh cuirfidh na saoránaigh isteach liosta moltaí a chuirfidh leis an obair a dhéanfaidh an Coimisiún Eorpach amach anseo maidir le buiséad an Aontais.

Reáchtáladh an chéad seisiún den Phainéal Saoránach nua seo idir an 28 agus an 30 Márta sa Bhruiséil. Cad é an sprioc? Comhthuiscint a fhorbairt ar bhuiséad an Aontais agus ar raon feidhme an Phainéil Saoránach. Mhínigh saineolaithe ar an ábhar an chaoi a n-oibríonn buiséad an Aontais, mar shampla a fhorbairt, na rudaí a mhaoinítear leis, cerb as a dtagann an t-airgead, agus conas a chinntear é.

Ina dhiaidh sin, phléigh na saoránaigh tosaíochtaí coiteanna agus riachtanais mhaoiniúcháin éagsúla a dteastaíonn tacaíocht ó bhuiséad an Aontais ina leith. Rinne siad machnamh freisin ar na critéir ba cheart a bheith ina dtreoir don chéad bhuiséad fadtéarmach eile de chuid an Aontais.









# Seisiún 1: Lá i ndiaidh Lae

**Lá 1 – Cruinniú Iomlánach**

*Buiséad an Aontais Eorpaigh a thuiscint*

Ar an gcéad lá den Phainéal rinneadh iniúchadh ar ghnéithe éagsúla de Bhuiséad an Aontais trí thráth na gceist, go háirithe, amlíne de na garspriocanna stairiúla, agus píchairt mhaisithe den bhuiséad reatha. Rinne comhaltaí an Choiste Eolais léiriú orthu agus mhínigh siad iad go léir.

**Lá 2 – Meithleacha**

*Tosaíochtaí gach duine a phlé agus liosta critéar a leagan síos*

Dé Sathairn, roinneadh na saoránaigh ina 12 ngrúpa bheaga chun a dtosaíochtaí féin i leith Bhuiséad an Aontais a phlé agus chun teacht aníos le critéir chun a gcuid moltaí agus tosaíochtaí a threorú sna seisiúin bhí le teacht.

Bunaithe ar a gcúlra agus ar a n-eolas féin chomh maith le dúshláin shonracha ina dtír nó ina réigiún féin, phléigh na saoránaigh na gnéithe sonracha de Bhuiséad an Aontais ar mhaith leo béim a chur orthu agus cén fáth.

**Stéphanie Riso, Ard-Stiúrthóir na hArd-Stiúrthóireachta um an mBuiséad:** *"Táimid ag obair ar bhur son. Is libhse an Buiséad seo."*

**Dana Spinant, Ard-Stiúrthóir Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide:** *"Is saineolaithe sibhse ar an saol. Ná bígí cúthail, labhraígí amach agus roinnigí bhur dtuairimí."*

Cliceáil anseo chun féachaint ar thaifead sheisiún iomlánach na hAoine!

**Lá 3 – Cruinniú Iomlánach**

*Roinnt agus machnamh*

I bhformáid díospóireachta gníomhachtaithe, phléigh saoránaigh ó na meithleacha uile éagsúlacht na n-ábhar a tháinig as an bplé sna grúpaí. Chuaigh comhaltaí den Choiste Eolais ar stáitse in éineacht leo.

**Ráiteas ó dhuine de na saoránaigh:** *"Ní féidir leanúint ar aghaidh leis an mbuiséad gan ionchur ó na saoránaigh. Ba cheart dúinn riachtanais ár gcomhshaoránach a urramú agus tá súil againn go gcuideoimid fadhbanna atá ann faoi láthair agus fadhbanna a thiocfaidh chun cinn amach anseo a réiteach."*

**Georgios Papakonstantinou:** *"Sna grúpaí go léir d'éirigh leis na saoránaigh teacht ar theanga choiteann chun cumarsáid a dhéanamh le chéile. D'ainneoin na ndifríochtaí atá eadrainn, d'éirigh linn teacht ar chomhaontú maidir le lear mór rudaí. Cé go bhfuil dearcadh náisiúnta nó réigiúnach difriúil againn go léir, táimid ag iarraidh aontacht agus cuimsiú a bhaint amach freisin. Sin bua mór a bhaineann leis an gcur chuige Eorpach."*

**Sophia Eriksson, Leas-Ardstiúrthóir Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide:** *"Táim an-tógtha le toradh bhur gcuid oibre. Agus molaim daoibh an taithí seo a roinnt le daoine eile – labhraígí faoin méid atá foghlamtha agaibh agus glacaigí páirt sa díospóireacht leanúnach ar Ardán Rannpháirtíochta na Saoránach."*

Cliceáil anseo chun féachaint ar thaifead sheisiún iomlánach an Domhnaigh!

## Idirghabhálacha ó shaineolaithe le linn na gcruinnithe iomlánacha

| | |
|---|---|
| **Leokadia Oręziak**, Ollamh i Scoil Eacnamaíochta SGH Vársá | **Marco Buti**, Ollamh san Institiúid Ollscoile Eorpach |
| **Paweł Śliwowski**, Leas-Stiúrthóir ag Institiúid Eacnamaíoch na Polainne | **Romy Hansum**, Comhlach Taighde ag Ionad Jacques Delors |
| **Alexei Jones,** Ceann an Bheartais Eachtraigh agus Forbartha ag an Lárionad Eorpach um Bainistiú Beartas Forbartha | **Daniel Tarschys**, Ollamh *Emeritus* le hEolaíocht Pholaitiúil in Institiúid na Sualainne um Staidéar ar Bheartas na hEorpa |
| **Georgios Papakonstantinou**, Ollamh san Institiúid Ollscoile Eorpach | **Ana Feu Basilio,** Comhordaitheoir Beartas san Ard-Stiúrthóireacht um an mBuiséad |

Caith súil ar Ardán Rannpháirtíochta na Saoránach

# Meabhrúchán: Cuspóirí na dtrí sheisiún

- **Seisiún 1, 28-30 Márta:** Comhthuiscint a fhorbairt ar bhuiséad an Aontais agus ar raon feidhme an Phainéil Saoránach. Scrúdú a dhéanamh ar na tosaíochtaí coiteanna agus riachtanais mhaoiniúcháin éagsúla a dteastaíonn tacaíocht ó bhuiséad an Aontais ina leith. Machnamh a dhéanamh ar na prionsabail ba cheart a bheith ina dtreoir don chéad bhuiséad eile de chuid an Aontais.

- **Seisiún 2, 25-27 Aibreán:** Bunaithe ar obair sheisiún 1, teacht ar chomhaontú maidir le tosaíochtaí polaitiúla agus na chéad mholtaí a dhréachtú. Smaointe a fhorbairt maidir leis an mbealach is fearr chun tacú leis na tosaíochtaí coiteanna sin agus dul i ngleic leis na dúshláin choiteanna a sainaithníodh.

- **Seisiún 3, 16-18 Bealtaine:** Na smaointe agus na moltaí sin a bheachtú le tacaíocht ó éascaitheoirí agus saineolaithe a bhfuil taithí acu. I ndeireadh na dála, is iad na smaointe sin na moltaí deiridh maidir le buiséad an Aontais a bheidh oiriúnach dár n-uaillmhianta. Déanfar vótáil ar na torthaí agus glacfar iad sa seisiún iomlánach deireanach.